**Breithiúnas na Cúirte (an Chéad Dlísheomra) an 22 Meitheamh 2022 (iarraidh ar réamhrialú ón Bundesarbeitsgericht – an Ghearmáin) – Leistritz AG v LH**

**(Cás C-534/20)** ([1])

***(Tarchur chun réamhrialú – Daoine nádúrtha a chosaint i ndáil le sonraí pearsanta a phróiseáil – Règlement (AE) 2016/679 – Dara habairt d'Airteagal 38(3) – Oifigeach cosanta sonraí – Toirmeasc ar rialaitheoir nó ar phróiseálaí oifigeach cosanta sonraí a chur as a phost nó as a post as na cúraimí atá air nó uirthi a dhéanamh – Bunús dlí – Airteagal 16 CFAE – Ceanglas maidir le neamhspleáchas feidhmiúil – Rialacháin náisiúnta lena dtoirmisctear Oifigeach Cosanta Sonraí a dhífhostú in éagmais cúiseanna troma)***

(2022/C 303/03)

*Teanga an cháis: an Ghearmáinis*

**An chúirt a rinne an tarchur**

Bundesarbeitsgericht

**Páirtithe sna príomhimeachtaí**

*Iarratasóir:* Leistritz AG

*Cosantóir:* LH

**An chuid oibríochtúil**

Ní mór an dara habairt d'Airteagal 38(3) de Rialachán (UE) 2016/679 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 27 Aibreán 2016 maidir le daoine nádúrtha a chosaint i ndáil le sonraí pearsanta a phróiseáil agus maidir le saorghluaiseacht sonraí den sórt sin, agus lena n-aisghairtear Treoir 95/46/CE (an Rialachán Ginearálta maidir le Cosaint Sonraí), a léirmhíniú sa chaoi nach gcuirtear cosc léi ar reachtaíocht náisiúnta lena bhforáiltear go bhféadfaidh rialaitheoir nó próiseálaí Oifigeach Cosanta Sonraí is comhalta dá fhoireann a dhífhostú ar chúiseanna troma amháin, fiú mura bhfuil baint ag an dífhostú le comhlíonadh cúraimí an oifigigh sin, ar choinníoll nach gcuirfidh reachtaíocht den sórt sin gnóthú chuspóirí an rialacháin sin i mbaol.

([1]) IO C 28, 25.01.2021

---

**Breithiúnais na Cúirte (an Chéad Dlísheomra) an 16 Meitheamh 2022 (iarraidh ar réamhrialú ón Korkein hallinto-oikeus – an Fhionlainn) – Imeachtaí arna dtionscnamh ag A**

**(Cas C-577/20)** ([1])

***(Tarchur chun réamhrialú – Cáilíochtaí Gairmiúla a Aithint – Treoir 2005/36/CE – Airteagal 2 – Raon feidhme – Airteagal 13(2) – Gairmeacha Rialáilte – Coinníollacha chun ceart rochtana ar theideal síciteiripeora i mBallstát ar bhonn céim sa tsíciteiripe arna bronnadh ag ollscoil atá bunaithe i mBallstát eile – Airteagail 45 agus 49 CFAE – Saoirse gluaiseachta agus bunaíochta – Measúnú ar choibhéis na hoiliúna atá i gceist – Airteagal 4(3) CAE – Prionsabal an chomhair dhílis idir na Ballstáit – Ceistiú ag an mBallstát óstach maidir leis an méid eolais agus cáilíochtaí is féidir a thoimhdiú as dioplóma arna eisiúint i mBallstát eile – Coinníollacha)***

(2022/C 303/04)

*Teanga an cháis: an Fhionlainnis*

**An chúirt a rinne an tarchur**

Korkein hallinto-oikeus

**Páirtithe sna príomhimeachtaí**

*Iarratasóir:* A

*Idiragraí:* Sosiaali- ja terveysalan lupa- ja valvontavirasto

**An chuid oibríochtúil**

1) Ní mór Airteagal 13(2) de Threoir 2005/36/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 7 Meán Fómhair 2005 maidir le cáilíochtaí gairmiúla a aithint, arna leasú le Treoir 2013/55/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 20 Samhain 2013, chomh maith le hAirteagail 45 agus 49 CFAE, a léirmhíniú sa chaoi a chiallaíonn gur cheart d'iarratas ar rochtain ar ghairm rialáilte agus ar údarú chun gníomhú sa ghairm sin sa Bhallstát óstach, arna thíolacadh faoi Airteagal 13(2) ag duine a bhfuil, ar thaobh amháin, fianaise ar cháilíochtaí foirmiúla a bhaineann leis an ngairm sin arna n-eisiúint i mBallstát nach bhfuil an ghairm sin á rialú ann, agus ar an taobh eile, nach gcomhlíonann an ceanglas maidir leis an ngairm chéanna a chleachtadh ar feadh na híostréimhse a cheanglaítear, dá dtagraítear in Airteagal 13(2), a bheith measta ag údarás inniúil an Bhallstáit óstaigh ag féachaint d'Airteagal 45 nó Airteagal 49 CFAE.

2) Ní mór Airteagal 45 CFAE agus Airteagal 49 CFAE, arna léamh i gcomhar le hAirteagal 4(3) CFAE, a léirmhíniú sa chaoi a chiallaíonn go bhfuil údarás inniúil an Bhallstáit óstaigh, atá tar éis iarratas a fháil ar údarú chun gairm rialáilte a shaothrú sa Bhallstát sin, faoi cheangal caitheamh le dioplóma mar dhioplóma fíor má tá sé eisithe ag údarás Ballstáit eile agus nach féidir leis, i bprionsabal, amhras a chaitheamh ar an leibhéal eolais agus cáilíochtaí go bhféadfaí a thoimhdiú a bheith bainte amach ag an iarratasóir. Ní fhéadfaidh an t-údarás, ach amháin nuair a bhíonn amhras tromchúiseach air, bunaithe ar eilimintí nithiúla arb iad corpas comhsheasmhach fianaise a thugann le tuiscint nach léiríonn an dioplóma ar a bhfuil an t-iarratasóir ag brath an méid eolais agus cáilíochtaí go bhféadfaí a thoimhdiú a bheith bainte amach ag an iarratasóir, a iarraidh ar an údarás eisiúna, i bhfianaise na n-eilimintí sin, bailíocht eisiúint an dioplóma sin a athscrúdú, agus ní mór don údarás eisiúna sin, más gá, é a tharraingt siar. Féadfar a áireamh i bhfianaise den sórt sin, i gcás inarb iomchuí, faisnéis arna soláthar ag daoine seachas eagraithe an chúrsa lena mbaineann agus ag údaráis Ballstáit eile a bheidh ag gníomhú dóibh i gcúrsa a ndualgas. I gcás ina ndearna an t-údarás eisiúna athbhreithniú, i bhfianaise na faisnéise sin, ar bhailíocht an dioplóma gan é a tharraingt siar, is i gcás eisceachtúil amháin, ina léiríonn imthosca an cháis go soiléir nach bhfuil an dioplóma lena mbaineann fíor, go bhféadfaidh údarás an Bhallstáit óstaigh amhras a tharraingt ar bhailíocht an dioplóma.

(1) IO C 62, 22.02.2021

---

**Breithiúnas na Cúirte (an Deichiú Dlísheomra) an 16 Meitheamh 2022 (iarraidh ar réamhrialú ón Fővárosi Törvényszék – an Ungáir) – DuoDecad Kft. v Nemzeti Adó- és Vámhivatal Fellebbviteli Igazgatósága**

**(Cás C-596/20)** (1)

***(Tarchur chun réamhrialú – Cánachas – Comhchóras cánach breisluacha (CBL) – Treoir 2006/112/CE – Airteagail 2, 24 agus 43 – An áit ina soláthraítear seirbhísí – Seirbhísí tacaíochta teicniúla arna soláthar do chuideachta atá bunaithe i mBallstát eile – Mí-úsáid ceart – Measúnú na bhfíoras – Easpa dlínse)***

(2022/C 303/05)

*Teanga an cháis: an Ungáiris*

**An chúirt a rinne an tarchur**

Fővárosi Törvényszék

**Páirtithe sna príomhimeachtaí**

*Iarratasóir:* DuoDecad Kft.

*Cosantóir:* Nemzeti Adó- és Vámhivatal Fellebbviteli Igazgatósága

**An chuid oibríochtúil**

Níl aon dlínse ag Cúirt Bhreithiúnais an Aontais Eorpaigh na ceisteanna arna dtarchur le haghaidh réamhrialú, le cinneadh an 28 Meán Fómhair 2020, ón Fővárosi Törvényszék (Ard-Chúirt Bhúdaipeist, an Ungáir) a fhreagairt.

(1) IO C 35, 01.02.2021

---